Athstruchtúrú an Rialtais

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar thuairisc faoi athstruchtúrú an rialtais. Beidh na focail sa cholún ar chlé thíos le cloisteáil inti. An dtuigeann tú iad? An féidir leat iad a cheangal leis na cinn Bhéarla sa cholún ar dheis?

1. cinneadh	a. industry
2. athstruchtúrú na comh-aireachta	b. decision
3. tábhacht	c. senior meetings
4. comhdháil bhliantúil	d. Hotels Confederation
5. Cónaidhm na nÓstán	e. back pain
6. tionscal	f. importance
7. tuairimíocht	g. cabinet restructuring
8. preasoifigeach	h. press officer
9. pian droma	i. speculation
10. cruinnithe sinsearacha	j. annual conference

1.	2.	3.	4.	5.	6.	7.	8.	9.	10.

Ceist 2 Féach ar an tuairisc cúpla uair agus ansin bí ag obair leis an duine in aice leat chun a rá an bhfuil na ráitis sa bhosca thíos fíor nó bréagach. Cuirigí tic sa bhosca cuí.

	Fíor	Bréagach
1. Níl cinneadh déanta fós ag Brian Cowen faoi athstruchtúrú an rialtais.		
2. Is é Cónaidhm na nOstán an dara cúram atá ar an Taoiseach inniu.		
3. Deir an Taoiseach nach bhfuil aon tábhacht ag baint leis an Ghaeilge.		
4. Tá an tAire Martin Cullen le héirí as a phost go cinnte.		
5. Tá seans maith ann go n-athróidh na cúraimí a bheidh ar na ranna rialtais.		

Ceist 3 **(a)** An dtuigeann tú na téarmaí gramadaí seo a leanas? Nuair atá tú sásta go dtuigeann tú iad, déan féin agus an duine in aice leat iarracht samplaí díobh a aimsiú sa sliocht thíos as an tuairisc.

ainmfhocal, briathar, séimhiú, urú

Bail ó Dhia oraibh. Níl aon chinneadh déanta fós ag an Taoiseach a dúirt sé maidir le hathstruchtúrú na comh-aireachta, ach dúirt Brian Cowen le Nuacht TG4 go mbeadh an-bhéim ag an rialtas ar thábhacht na Gaeilge agus na Gaeltachta i gcónaí, is cuma cén struchtúr a bheadh ar an rialtas amach anseo. Tá an mórscéal ag Máire T Ní Mhadaoin.

(b) Anois déanaigí iarracht smaoineamh ar shamplaí eile de na téarmaí gramadaí sin.

Ceist 4 Tá stór focal a bhaineann le cúrsaí polaitíochta sa tuairisc. An bhfuil cur amach agat ar na focail agus na frásaí seo a leanas? Bhí dhá cheann díobh sa tuairisc.

1. the Irish Prime-Minister
An T_____

2. the next most important person in the government
An T_____

3. a member of parliament / dáil deputy
T_____ D_____

4. Irish Government Houses
T_____ L_____

5. Speaker (in parliament)
C_____ C_____

6. Minister for Arts, Sports and Tourism
An tA_____

Ceist 5 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

Ar mhaith leat a bheith i d'aire rialtais? Cén fáth?
Cad iad na tréithe a bhíonn ag teastáil ó dhuine le bheith ina aire maith, dar leat?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Tá an cheist seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

1.	2.	3.	4.	5.	6.	7.	8.	9.	10.
b	g	f	j	d	a	i	h	e	c

Ceist 2

Fíor
Bréagach
Bréagach
Bréagach
Fíor

Ceist 3

(a)

Ainmfhocal – cinneadh
Briathar – dúirt
Séimhiú – ar t**h**ábhacht
Urú – go **m**beadh

(b)

Ainmfhocal: noun (fear, bean, bád, Gaeilge)
Briathar: verb (déan, cuir, ceannaigh, ith)
Séimhiú: nuair a chuirtear h isteach tar éis na chéad litreach i bhfocal (an b**h**ean, an f**h**uinneog, dhá bhord, aon chos)
Urú: nuair a chuirtear litir roimh thús an fhocail (ar an **m**bord, ar an **g**cathaoir, ón **m**bean, ar an **bh**fear).

Ceist 4

An Taoiseach
An Tánaiste
Teachta Dála
Teach Laighean
Ceann Comhairle
An tAire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta

Ceist 5

Is féidir gach beirt a chur ag plé na gceisteanna seo nó grúpaí beaga eile a dhéanamh.

.

Éimear Ní Chonaola
Bail ó Dhia oraibh. Níl aon chinneadh déanta fós ag an Taoiseach a dúirt sé maidir le hathstruchtúrú[1] na comh-aireachta, ach dúirt Brian Cowen le Nuacht TG4 go mbeadh an-bhéim ag an rialtas ar thábhacht na Gaeilge agus na Gaeltachta i gcónaí, is cuma cén struchtúr a bheadh ar an rialtas amach anseo. Tá an mórscéal ag Máire T. Ní Mhadaoin.

Máire T. Ní Mhadaoin
Comhdháil bhliantúil Chónaidhm na nÓstán i gCathair na Gaillimhe an chéad chúram poiblí a bhí ar an Taoiseach ar maidin. Má tá ar lucht óstáin díriú ar athstruchtúrú de chineál ina dtionscal féin, tá athstruchtúrú de chineál eile á bheartú ag an Taoiseach agus beidh béim ar an nGaeilge, a deir sé.

An Taoiseach, Brian Cowen
Tá a lán scríofa sna meáin agus luaite sna meáin ach níl aon chinneadh déanta agam agus nuair atá sé déanta agam mar Thaoiseach, beidh mé ag fógairt[2] an chinnidh sin go poiblí.

Mar a dúirt mé, tá an Ghaeilge agus an Ghaeltacht seo, tá siad ana-thábhachtach ó thaobh shaol na tíre[3] agus beidh an bhéim againn ar na rudaí sin cibé struchtúr atá againn.

Máire T. Ní Mhadaoin
Ach ní hé struchtúr Roinn na Gaeltachta amháin a bhfuil tuairimíocht ann faoi[4] agus é tuairiscithe le cúpla lá go bhfuil an tAire Martin Cullen le n-éirí as a chúraimí rialtais. Cé go raibh an tAire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta le labhairt leis na hóstóirí anseo inniu, tháinig an scéal ag am lóin nach mbeadh sé ag taisteal. Dúirt preasoifigeach Martin Cullen gur mar gheall ar dheacrachtaí sláinte leanúnacha le pian droma nach raibh sé i láthair. Dúirt an Taoiseach inniu nach raibh sé chun aon rud a rá faoin tuairimíocht i leith thodhchaí Martin Cullen agus nach mbeadh aon ráiteas ann go dtí go mbeadh cinneadh déanta. Cibé cinneadh a bheas ann, beidh athruithe ann ó thaobh cé a bheas ag bord an rialtais do chruinnithe sinsearacha. Agus, b'fhéidir freisin, athróidh cuid de na cúraimí a bheas ar ranna rialtais agus d'fhéadfadh sé chomh maith go mbeadh cúraimí nua le cruthú. Máire T. Ní Mhadaoin, Nuacht TG4 i nGaillimh.

[1] le athstruchtúrú a deirtear
[2] ag foradh a deirtear
[3] saol na tíre a deirtear
[4] fúthu a deirtear